

Polasaí Mhíolta Gruaige

Is fadhb phobail í míoltaí gruaige, seachas fadhb scoile ach tá an scoil tiomanta le tacaíocht a thabhairt do chlanna atá ag thíos leis. Is fadhb í seo atá an-tógálach ar fad , a chruthaíonn deacrachtaí do pháistí, chlanna agus mhúinteoirí araon. Chuige sin, tá an bord bainistíochta ag cur treorach ar fáil don fhoireann conas plé leis seo.

Aidhmeanna:

- Feasacht a árdú i gcomhphobal na scoile maidir leis
- Treoir a chur ar fáil do chlanna conas dul i ngleic leo má fhaigheann páistí iad.
- Clanna a spreagadh le bheith réamhghníomhach maidir le dul i ngleic leis an bhfadhb
- Scoil saor ó mhíoltaí gruaige a chothú chomh fada is gur féidir

Treoirlínte:

- Is gá do pháistí uile na scoile, le gruaig fhada, a gcuid gruaige a chaitheamh thuas.
- A luaithe is a aithnítear go bhfuil fadhb ann, cuirfear scéal amach chuig tuismitheoirí/caomhnóirí an ranga sin le treoir conas dul i ngleic leo. Cuirfear pobal na scoile iomlán ar an eolas tríd an Nuachtlitir chomh maith.
- Iarrtar ar thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas má tá fadhb mhíolta ag a bpáiste
- Cuirfear eolas ar fáil, tríd an Nuachtlitir ar bhonn rialta conas plé leo.
- Muna bhfuil na míoltaí gruaige glanta i ndiaidh nóta dul amach ón scoil, rachaidh an múinteoir i dteagbháil leis an tuismitheoir/caomhnóir go díreach.
- Muna mbíonn siad glanta i ndiaidh sin, iarrfar ar thuismitheoir/chaomhnóir an páiste a choinneáil sa bhaile, ar bhonn Sláinte agus Sábháilte, go dtí go mbíonn an fhadhb glanta ina iomláine. Toisc tógálacht na faidhbe seo, is gá go mbeadh gach duine ar an airdeall maidir leis agus tá dualgas ar an scoil caitheamh leis seo ar nós aon galar tógálach eile.
- Uair sa téarma, déanfar Feachtas uile-scoile chun dul i ngleic leo, áit a chuirfear litir daite abhaile chuig gach clann ag miniú gur seo an deireadh seachtaine aontaithe le haghaidh a thabhairt air. Is gá do gach clann an litir a shiniú agus a chur ar ais ag tabhairt le fios gur sheiceáil siad cinn a bpáistí agus go ndeachthas i ngleic leo más ann dóibh.
- Pléfead le haon chás go discrídeach agus faoi rún.
- Sa chás go mbíonn an fhadhb leanúnach ag páiste faoi leith agus nach dtugtar aghaidh air, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar bhainistíocht na scoile plé leis faoin bpolasaí Chaomhnú Páistí.